# Plean Ceachta Sóisearach 1 –
# An Leictreachas inár dTimpeallacht

## Cuspóirí

1. Faigh tuiscint ar cad is leictreachas ann
2. Aimsigh fearais tí éagsúla a bhaineann úsáid as leictreachas
3. Bí ar an eolas faoi na feidhmeanna atá ag leictreachas agus foghlaim gur féidir le leictreachas bheith dainséarach mura mbímid sábháilte agus mura bhfanaimid amach uaidh
4. Breathnaigh ar na héifeachtaí atá ag leictreachas statach – Rang 1 & 2 amháin

## Réamhrá

### Cad is leictreachas ann?

Is é is leictreachas cineál fuinnimh a thugann an chumhacht d'earraí le hoibriú. Sreabhann sé ar feadh sreang agus is féidir leis sreabhadh tríd an aer fiú. Bainimid ar fad úsáid as leictreachas gach lá, cé acu an é ag cur na soilse ar siúl inár dteach, ag imirt ar an gcluiche físeáin is fearr linn, nó ag triomú ár gcuid gruaige.

Pioc suas peann luaidhe agus iarr ar na leanaí míniú a thabhairt duit conas a oibríonn sé. Taispeáin na hearraí sa seomra ranga a úsáideann leictreachas agus fiafraigh de na leanaí conas a oibríonn siad, mar shampla lasc an tsolais, an ríomhaire nó an clár bán idirghníomhach.

### Dainséir a bhaineann le leictreachas

Ní rud é leictreachas a mbímid ag súgradh leis, is féidir leis bheith an-dainséarach. Níor chóir dúinn riamh ár méara ná rud ar bith eile a chur isteach sna soicéid inár dteach. Ba chóir dúinn fearais a mhúchadh i gcónaí nuair atáimid críochnaithe leo. Ba chóir do leanaí iarraidh ar dhuine fásta i gcónaí luchtairí fóin & ipad a phlugáil amach tar éis iad a úsáid.

### Acmhainní

Nótaí Post-it, pinn luaidhe, páipéar, fáisc-chláir agus balú(i)n do Rang 1 & 2.

## Gníomhaíocht Ranga Uile

Mínigh go n-oibríonn a lán earraí sa seomra ranga, ar nós na soilse agus na ríomhairí, trí úsáid a bhaint as leictreachas. Faigheann roinnt díobh a gcuid leictreachais ó cheallraí agus bíonn roinnt díobh plugáilte isteach sa soláthar leictreachais.

Scríobh 'E' ar nótaí Post-it agus roghnaigh leanaí chun iad a ghreamú in aice le roinnt fearas leictreachais timpeall an tseomra ranga.

## Grúpghníomhaíocht

Téigh ar chonair d'fhearais leictreacha timpeall na scoile, ag baint úsáide as fáisc-chláir agus pinn luaidhe agus stop ag pointí éagsúla timpeall na scoile chun na rudaí a aimsíonn na leanaí a tharraingt. Filleann na leanaí ar an seomra ranga agus déanann siad taifeadadh de na rudaí a d'aimsigh siad.

## Gníomhaíocht Bhreise do Rang 1 & 2

Is féidir le leictreachas dul i dtreise in aon áit amháin (leictreachas statach) nó is féidir leis sreabhadh ó áit amháin go dtí áit eile ar feadh sreang nó cáblaí (sruthleictreachas). Breathnaigh ar na héifeachtaí a bhíonn ag leictreachas statach trí úsáid a bhaint as balúin:

- Stróic píosa páipéir i gcearnóga bídeacha agus cuir ar dhromchla cothrom iad
- Cuimil an balún go fuinniúil ar an ngruaig nó ar gheansaí olla
- Beir greim ar an mbalún luchtaithe os cionn na bpíosaí páipéir agus ba chóir go ngreamóidís leis an mbalún

Mínigh don rang go dtarlaíonn sé seo mar gheall ar leictreachas statach. Nuair a bhíonn daoine agus leictreachas statach breise bailithe chucu, go minic baintear "turraing" dóibh nuair a leagann siad lámh ar earra miotail. Tarlaíonn sé seo toisc go bhfuil an leictreachas ag iarraidh dul isteach sa talamh. Sampla is ea turraing a fháil nuair a leagtar do lámh ar hanla dhoras an chairr.

## Gníomhaíocht Iomlánach

Déan achoimre leis an rang ar cad is leictreachas ann, cad iad na fearais sa scoil a bhaineann úsáid as leictreachas agus gur féidir le leictreachas a bheith an-dainséarach. Íoslódáil bileoga gníomhaíochta breise ó **www.esbnetworks.ie/education**

## Suíomhanna gréasáin úsáideacha

www.esbnetworks.ie/education

www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/infants/science/energy-and-forces/electricity